CINNEADH (AE) 2021/839 ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Bealtaine 2021

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le hábhair áirithe riaracháin agus foirne de chuid an Chomhphobail Iompair

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 agus Airteagal 100(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair ("TCT") a fhormheas thar ceann an Aontais an 4 Márta 2019 le Cinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle ([1]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.

(2) Bunaíodh an Coiste Stiúrtha Réigiúnach le TCT chun TCT a riar agus a chur chun feidhme mar is cuí. Le TCT, ceanglaítear ar an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach rialacha a ghlacadh maidir le dálaí oibre fhoireann Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair mar aon le cinneadh lena sonrófar an nós imeachta lena gcuirfear an buiséad chun feidhme.

(3) Glacfaidh an Coiste Stiúrtha Réigiúnach cinntí go gairid maidir le haisíocaíocht ar speansais arna dtabhú ag daoine ó lasmuigh de Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair a dtugtar cuireadh dóibh freastal ar chruinnithe de chuid an Chomhphobail Iompair, maidir le haisíocaíocht le foireann Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair i ndáil le costais taistil agus athshuímh ar dhul i mbun dualgas dóibh agus ar fhoirceannadh seirbhíse, agus maidir le ranníocaíocht an Chomhphobail Iompair le hárachas sláinte, dífhostaíochta, pinsin agus míchumais le haghaidh fhoireann Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair.

(4) Is iomchuí an seasamh a bhunú atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach, óir tá na cinntí sin riachtanach do dhea-fheidhmiú Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair agus beidh siad ina gceangal ar an Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach arna bhunú leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, a mhéid a bhaineann leis na rialacha i ndáil leis na nithe seo a leanas, beidh sé bunaithe ar na dréachtchinntí comhfhreagracha ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach ([2]):

(a) aisíocaíocht ar speansais arna dtabhú ag daoine ó lasmuigh de Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair, a dtugtar cuireadh dóibh freastal ar chruinnithe de chuid an Chomhphobail Iompair;

(b) aisíocaíocht le foireann Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair i ndáil le costais taistil agus athshuímh ar dhul i mbun dualgas dóibh agus ar fhoirceannadh seirbhíse; agus

(c) ranníocaíocht an Chomhphobail Iompair le hárachas sláinte, dífhostaíochta, pinsin agus míchumais le haghaidh fhoireann Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair.

2. Féadfaidh ionadaithe an Aontais sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach toiliú le mionathruithe ar na dréachtchinntí dá dtagraítear i mír 1 gan cinneadh eile ón gComhairle.

([1]) Cinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (IO L 71, 13.3.2019, lch. 1).

([2]) Féach doiciméad ST 8040/21 ag http://register.consilium.europa.eu

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 20 Bealtaine 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. SANTOS SILVA